Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**13959/22**

**CDR 133**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. An 20 Meán Fómhair 2022, i litir uaidh, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Sebastiano MUSUMECI, comhalta de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 12743/22.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Sebastiano MUSUMECI, mhol Rialtas na hIodáile[2] Christian SOLINAS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil sainordú toghchánach aige, *Presidente della Regione Sardegna* (Uachtarán Féinrialaitheach na Sairdíne), mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 23 Feabhra 2024.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 13958/22 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír ‘A’ ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

[2] 13957/22.